Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10684 – SWISS LIFE / VAUBAN / WASCOSA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 172/03)

1. An 19 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Swiss Life Holding AG ("Swiss Life", an Eilvéis),

— Vauban Infrastructure Partners SCA ("Vauban", an Fhrainc), atá á rialú ag BPCE S.A. (an Fhrainc),

— Wascosa Holding AG ("Wascosa", an Eilvéis).

Gheobhaidh Swiss Life agus Vauban rialú comhpháirteach ar Wascosa ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí Eorpach de phinsin chuimsitheacha saoil agus de réitigh airgeadais é Swiss Life. Tá sé gníomhach san Aontas, san Eilvéis, sa Ríocht Aontaithe, i Lichtinstéin agus i Singeapór. Tá Swiss Life gníomhach san earnáil árachais saoil agus san earnáil infheistíochta agus bainistíochta sócmhainní; cuireann sé réitigh sochair fostaithe ar fáil do chorparáidí ilnáisiúnta freisin,

— Is cuideachta Eorpach bainistíochta sócmhainní é Vauban a dhíríonn ar infheistíochtaí i gcothromas bonneagair agus díríonn siad go láidir ar infheistíochtaí sa Fhrainc, ach freisin ar infheistíochtaí díreacha san Fhionlainn, san Iodáil, san Iorua, sa Phortaingéil agus sa Spáinn. Déanann sé infheistíochtaí i gcistí cothromais a struchtúrú agus a bhainistiú, ar infheistíochtaí iad i ndearadh, i dtógáil, i gcothabháil, i maoiniú agus in oibriú sócmhainní bonneagair riachtanacha san earnáil iompair, san earnáil shóisialta, san earnáil dhigiteach agus in earnáil na bhfóntas,

— Déanann Wascosa vaigíní lastais a bhainistiú agus a ligean ar cíos agus is cuideachta í atá gníomhach go hidirnáisiúnta. Áirítear ar a ghníomhaíochtaí léasú uile-Eorpach vaigíní lastais, bainistiú flíteanna vaigíní a chuid custaiméirí agus comhairle maidir le cothabháil, árachas agus sábháilteacht timpeall ar vaigíní lastais.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10684 – SWISS LIFE / VAUBAN / WASCOSA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË